Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 28

# Gnóthaí Eachtracha

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais agus ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €8.812 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Aistriú feidhmeanna***

Rinneadh an cuntas a ullmhú de réir na *Meastachán Athbhreithnithe Breise i gcomhair Seirbhísí Poiblí 2020*, agus cuireadh san áireamh sna meastacháin gur athraíodh teideal na Roinne ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha le héifeacht ón 24 Meán Fómhair 2020 (I.R. 382 de 2020).

Cuireadh aistriú feidhmeanna áirithe riaracháin agus aireachta ón Roinn Gnóthaí Eachtracha chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (I.R. 381 de 2020) san áireamh sna *Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise 2020 freisin.*

Áiríodh ar an aistriú feidhmeanna

- an Chomhairle Trádála Easpórtála (ar tugadh an Chomhairle um Thrádáil Eachtrach uirthi roimhe seo) a bhainistiú agus cathaoirleacht a dhéanamh uirthi
- coimisiúin chomhpháirteacha eacnamaíochta a thionól, cathaoirleacht a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú, agus
- coimisiúin chomhpháirteacha eacnamaíochta nua a fhorbairt, nuair ba chuí

Maidir leis na feidhmeanna a aistríodh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, aistríodh trí phost ón Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Ag teacht leis na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag Rannóg Cuntasaíochta an Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tugtar léiriú sna *Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise 2020* ar aistriú fheidhmeanna na Roinne ar bhonn bliana iomláine. Léirítear sa chuntas leithreasa freisin, a chaithfidh foirm agus leagan amach an mheastacháin ábhartha a leanúint, na haistrithe feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomláine.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Tá luach seilbhe na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha a cuireadh i gcrích in 2005 arna gcoigeartú mar seo a leanas

- tá feabhsuithe ar thalamh agus ar fhoirgnimh ó 2005 léirithe ar chostas
- tá talamh agus foirgnimh atá faighte againn ó 2005 léirithe ar chostas chomh maith
- tá trí mhaoin misin san áireamh ar bhonn athluachálacha a cuireadh i gcrích in 2011.

***Dímheas***

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil chun críche an chuntais seo.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas.

***Idirbhearta malairte eachtraí***

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús gach míosa. Déantar idirbhearta malairte eachtraí a dhéanann an cheanncheathrú a thaifeadadh ag an ráta ag an dáta a glanadh an t-idirbheart.

***Fabhruithe, réamhíocaíochtaí, ceangaltais agus stoic ag misin taidhleoireachta***

Ní áirítear sna figiúirí maidir le fabhruithe, réamhíocaíochtaí, ceangaltais agus stoic aon suimeanna maidir le misin taidhleoireachta na Roinne seachas iad siúd a bhaineann le maoin ar cíos.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím go bhfuil de fhreagracht orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil leis an bhfeidhm párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm. Áirítear ann na nithe seo a leanas ach go háirithe:

- déantar dualgais a dheighilt agus tá córas tarmligin agus cuntasachta ann
- tá córas buiséadaithe cuí ann, le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- tá athbhreithnithe rialta ag bainistíocht shinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- tá córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail i bhfeidhm

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna bliantúla na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá próiseas foirmeálta i bhfeidhm chun gníomh leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ó thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás naoi gconradh (2019: 16) dar luach iomlán €1,016,608 (2019: €1,447,193). Tá sonraí leagtha amach thíos:

- Cuireadh síneadh le trí chonradh (2019: cúig chonradh) dar luach €580,611 (2019: €774,742) níos faide ná dáta an bhunchonartha gan próiseas iomaíoch, go príomha fad is atá socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Cuireadh tús le próiseas tairisceana na hOifige um Sholáthar Rialtais maidir leis na conarthaí sin i ráithe 1 de 2021.

- Rinneadh dhá chonradh (2019: sé chonradh) dar luach €234,214 (2019: €395,569) a dhámhachtain roimhe seo faoi phróiseas iomaíoch ach cuireadh síneadh leo fad is a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm ag an Roinn.
- Rinneadh ceithre chonradh (2019: cúig chonradh) dar luach €201,783 (2019: €276,882) a dhámhachtain cheana ach sháraigh siad na tairseacha cuí ar ghá próiseas iomaíoch a sheoladh ina leith. Lorgófar tairiscintí i leith na gconarthaí sin le linn na bliana 2021.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Sócmhainní caipitil***

Le linn iniúchtaí le gairid, thuairiscigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar laige a bheith i gclár sócmhainní seasta na Roinne.

I rith na mblianta 2019 agus 2020, tugadh faoi athbhreithniú iomlán ar na cláir sócmhainní seasta domhanda ar fad atá ag an Roinn. Rinneadh an t-athbhreithniú sin chun an t-eolas atá taifeadta i gcláir sócmhainní seasta na Roinne a thabhairt cothrom le dáta agus chun cur leis an eolas agus chun iad a réiteach leis an gcomhordú trialach. Aithníodh sócmhainní nach bhfuil in úsáid a thuilleadh tríd an tionscadal chomh maith le míreanna a bhí aicmithe go mícheart ina sócmhainní seasta a bhí le baint de na cláir agus den chomhardú trialach (tá sonraí an choigeartaithe léirithe i Nóta 2.1). Faoin athbhreithniú, fuarthas roinnt sócmhainní a bhí san áireamh ar chlár sócmhainní seasta Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha atá inchurtha i gceart i leith Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta. Bhí an chuid is mó de na sócmhainní stairiúil agus dímheasta go hiomlán.

***Comhlíonadh cánach misean***

Is é polasaí na Roinne na hoibleagáidí áitiúla cánach agus árachais shóisialaigh sna háiteanna ina mbíonn misin lonnaithe a chomhlíonadh. Déanann an Rannán Acmhainní Daonna agus an Rannán Airgeadais oibleagáidí cánach na dtíortha óstacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí athbhreithniú deisce ó fhoirne ag an gceanncheathrú agus trí chuairteanna misin rialta. Chomh maith leis sin, áirítear athbhreithniú ar chomhlíonadh cánacha áitiúla in athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí gach misean i bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne. Áiríonn an Roinn oiliúint ar rialacha cánach áitiúla mar chuid dá clár oiliúna do bhaill foirne sula dtéann siad ar phostuithe thar lear.

Le linn cuairt misin, d'aithin an Roinn gur theip ar dhá mhisean, sa tír chéanna, cánacha ioncaim párolla áitiúla a chomhlíonadh go hiomlán. Rinne an Roinn, i ndiaidh di comhairle dlí agus cánach a fháil, nochtadh deonach maidir leis an neamhchomhlíonadh sin chuig an údarás cánach náisiúnta ábhartha. Íocadh socraíocht arbh fhiú €432,000 í. Níor thabhaigh an Roinn aon phionóis ná ús. Tá an dá mhisean comhlíontach ó thaobh cánach de anois.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta athbhreithnithe

tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistíochta riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúchóireachta inmheánaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl in am trátha dóibh sin atá freagrach as bearta ceartaitheacha a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Paindéim COVID-19***

Tugadh faoi mheasúnachtaí ar thionchar Covid-19 in Éirinn agus i misin thar lear.

Tá athbhreithniú déanta agam i gcomhar leis an mBord Bainistíochta ar na nósanna imeachta oibriúcháin chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin chomh maith leis na nósanna imeachta a chur in oiriúint do shocruithe agus do thacaí cianoibre ón gceanncheathrú. Cé go raibh tionchar diúltach ag na srianta ar fud an domhain ar roinnt clár agus seirbhísí, tá éileamh níos mó anois ann de bharr na paindéime ar sheirbhísí agus ar dheontais áirithe a chuireann an Roinn ar fáil. Ghlac an Roinn cur chuige cuimsitheach maidir le saoránaigh na hÉireann a aisdúichiú go luath sa bhliain 2020. Bhí an Roinn dírithe ar chuidiú le saoránaigh na tíre a mbíonn gnáthchónaí orthu in Éirinn filleadh ar an mbaile go sábháilte ar eitiltí tráchtála nuair ab fhéidir é sin a dhéanamh agus, sa chás nárbh fhéidir, ar eitiltí cairtfhostaithe aisdúichithe, sa chás go raibh siad ar fáil. Áiríodh san athbhreithniú ar nósanna imeachta oibriúcháin na bearta riachtanacha a shuí chun a chinntiú go leanfaí de sheirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar, fad a chosnaítear sláinte agus folláine na foirne agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaí srianta ábhartha sna dlínsí ina n-oibríonn an Roinn.

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, thosaigh an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta, chomh maith le foireann na Roinne, ag obair go cianda i mí an Mhárta 2020 ó tharla gur cuireadh an taisteal ar fad ar ceal. Bhain srianta leis sin maidir leis an gcaoi a bhféadfaí obair an Aonaid a thabhairt chun críche. I mí na Bealtaine 2020, cheadaigh mé plean oibre athbhreithnithe rioscabhunaithe an Aonaid, ina ndearnadh tosaíochtaí na bliana a athshocrú, lena n-áirítear béim níos mó ar obair chomhairleach gnó i bhfíor-am. Cuireadh an plean oibre athbhreithnithe sin ar fáil go cianda agus cuireann cur chuige nua, cur chuige a d'fhéadfadh a bheith níos éifeachtúla, ar fáil i dtaobh obair meastóireachta agus iniúchóireachta, a fhorlíontar le cuairteanna fisiceacha nuair is féidir.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

31 Lúnasa 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh rialacha soláthair náisiúnta i gcásanna ábhartha maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

7 Meán Fómhair 2021

# Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Freastal ar mhuintir na hÉireann sa bhaile agus thar lear agus an t-athmhuintearas agus an comhar a chur chun cinn (‘Ár nDaoine’) | 85,184 | 80,756 | 78,039 |
| B | Luachanna agus leasanna na hÉireann san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn (‘Ár nIonad san Eoraip’) | 32,974 | 32,201 | 29,360 |
| C | A bheith ag obair ar mhaithe le domhan níos cothroime, níos córa, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe (‘Ár gCuid Luachanna’) | 54,944 | 56,288 | 61,782 |
| D | Cur le rathúnas na hÉireann ”trínár leasanna geilleagracha a chur chun cinn thar lear (‘Ár Rathúnas’) | 44,325 | 37,251 | 41,476 |
| E | Neartú a dhéanamh ar ár dtionchar agus ár n-acmhainn chun na spriocanna atá againn a bhaint amach (‘Ár dTionchar) | 52,718 | 48,400 | 55,727 |
| **Ollchaiteachas** | | **270,145** | **254,896** | **266,384** |
| | *Lúide* | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **44,701** | **38,264** | **69,213** |
| **Glanchaiteachas** | | **225,444** | **216,632** | **197,171** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **8,811,952** | **15,329,537** |

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

31 Lúnasa 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 68,275 | 75,333 |
| Pá | | 104,510 | 101,952 |
| Neamhphá | | 82,111 | 89,099 |
| **Ollchaiteachas** | | **254,896** | **266,384** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **38,264** | **69,213** |
| **Glanchaiteachas** | | **216,632** | **197,171** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (1,522) | | |
| Diúscairtí – airgead tirim | 44 | | |
| Brabús ar dhiúscairtí | (44) | | |
| Dímheas | 3,413 | 1,891 | (22) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (415) | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí deiridh | (4,285) | | |
| Méadú ar stoc | (1,415) | (6,115) | (6,284) |
| **Caiteachas díreach** | | **212,408** | **190,865** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 24,902 | 24,322 |
| Measchíosanna | | 3,200 | 2,953 |
| **Glanchostas an chláir** | | **240,510** | **218,140** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 28 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 60 | 60 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 18,771 | 17,014 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,347 | 6,787 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 164 | 144 |
| Vóta 20 | Garda Síochána | 194 | 309 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 382 | 372 |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (16) | (364) |
| | | **24,902** | **24,322** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 166,885 | 168,527 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 11,299 | 9,884 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 15,088 | 10,803 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 7,445 | 7,580 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **33,832** | **28,267** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 3,796 | (1,306) |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 1,895 | 2,310 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 2,887 | 2,968 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 762 | 5,918 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **9,340** | **9,890** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 24,492 | 18,377 |
| **Glansócmhainní** | | **191,377** | **186,904** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **191,377** | **186,904** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Mótarfheithiclí | Troscán agus Feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní atá á bhforbairt [b] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 159,293 | 2,972 | 45,676 | 79,478 | 1,942 | 289,361 |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á bhforbairt | — | — | — | 1,634 | (1,634) | — |
| Breiseanna | — | 356 | — | 441 | 725 | 1,522 |
| Diúscairtí | — | (178) | — | — | — | (178) |
| Coigeartú costais tionscadail sócmhainní seasta 2020 [a] | — | (145) | (37,570) | (18,268) | — | (55,983) |
| Aistrithe chuig Vóta 27 | — | (310) | (59) | (439) | — | (808) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | **159,293** | **2,695** | **8,047** | **62,846** | **1,033** | **233,914** |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | — | 2,246 | 44,970 | 73,618 | — | 120,834 |
| Dímheas don bhliain | — | 338 | 105 | 2,970 | — | 3,413 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (178) | — | — | — | (178) |
| Coigeartú dímheasa carntha tionscadail sócmhainní seasta 2020 [a] | — | (145) | (37,820) | (18,270) | — | (56,235) |
| Aistrithe chuig Vóta 27 | — | (310) | (59) | (436) | — | (805) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | — | 1,951 | 7,196 | 57,882 | — | 67,029 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **159,293** | **744** | **851** | **4,964** | **1,033** | **166,885** |
| | | | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 159,293 | 726 | 706 | 5,860 | 1,942 | 168,527 |

Nóta [a] Le linn na bliana, tugadh faoi mhór-athbhreithniú ar shócmhainní seasta trínar aithníodh míreanna a raibh oll-luach €55.983 milliún orthu agus dímheas carntha €56.235 milliún nach raibh in úsáid a thuilleadh, a bhí aicmithe go mícheart ina sócmhainní seasta nó lenar bhain an dímheas mícheart. Léiríonn an coigeartú seo an ceartúchán cuntasaíochta a bhí de dhíth.

[b] Áirítear sna sócmhainní atá á bhforbairt sócmhainní a bhaineann le Clár Athchóirithe na Seirbhíse Pasanna atá ar siúl faoi láthair. Léirítear leis na sócmhainní sin tionscadail nach raibh tugtha chun críche ag an 31 Nollaig 2020.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | (21,246) | (10,510) |
| Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála | 5,149 | 2,762 |
| Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim na misean | 12,301 | 9,054 |
| | **(3,796)** | **1,306** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Leabhair phas agus cártaí pas | 11,163 | 9,280 |
| Stoic phrótacail | 49 | 53 |
| Stáiseanóireacht | 38 | 512 |
| Postas réamhíoctha | 5 | 4 |
| Tomhaltáin TF | 44 | 35 |
| | **11,299** | **9,884** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Cíosanna misin | 1,948 | 2,036 |
| Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 9,208 | 7,559 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 3,932 | 1,208 |
| | **15,088** | **10,803** |

## 2.5 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fabhruithe riaracháin | 1,025 | 2,123 |
| Fabhruithe clár | 845 | 119 |
| Fabhruithe taistil agus cothaithe | 25 | 68 |
| | **1,895** | **2,310** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cuntais roinne agus gníomhaireachta | 5,271 | 5,602 |
| Cuntais óinchiste agus cuntais fionraí phearsanta | 1,120 | 1,070 |
| Cuntais airleacan tuarastail | 1 | 13 |
| Aisdúichiú | 626 | — |
| Cuntais rialaithe párolla | 324 | 659 |
| Féichiúnaithe consail oinigh | 97 | 222 |
| Iarmhéideanna eile | 6 | 14 |
| | **7,445** | **7,580** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,119 | 1,049 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 773 | 726 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 231 | 219 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 7 | 8 |
| Cáin bhreisluacha | 70 | 57 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 140 | 82 |
| | 2,340 | 2,141 |
| Ilchreidiúnaithe [a] | 547 | 827 |
| | **2,887** | **2,968** |

Nóta [a] Áirítear ar ilchreidiúnaithe suim €479,030 atá dlite do chreidiúnaithe agus cuntais ar fionraí ar fiú €67,957 iad.

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 8,812 | 15,329 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (8,050) | (9,411) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **762** | **5,918** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 7,445 | 7,580 |
| | 7,445 | 7,580 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (3,796) | 1,306 |
| Dlite don Stát | (2,340) | (2,141) |
| Iarmhéideanna sochair eile | (547) | (827) |
| | (6,683) | (1,662) |
| | **762** | **5,918** |

## 2.9 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 186,904 | 180,598 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 225,444 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (8,812) | | |
| Glanvóta | | | 216,632 | 197,171 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 24,902 | 24,322 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíosanna | 1 | | 3,200 | 2,953 |
| Míreanna neamhairgid - coigeartuithe i ndáil le sócmhainní caipitil | 2.1 | | 249 | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (240,510) | (218,140) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **191,377** | **186,904** |

## 2.10 Ceangaltais

Áirítear sna ceangaltais suimeanna a bhféadfadh an Roinn a bheith freagrach astu de réir dlí in 2021 agus sna blianta ina dhiaidh sin faoi chonarthaí infhorfheidhmithe ceangailteacha agus baineann siad le híocaíochtaí cíosa ar mhaoin thar lear agus le ceangaltais trealamh a cheannach.

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Mar seo a leanas a dhéantar anailís ar an tsuim: | | |
| Trealamh agus costais riaracháin eile | — | 150 |
| Ceangaltais léasa [a] | 94,137 | 91,937 |
| **Iomlán na gCeangaltas** | **94,137** | **92,087** |

Nóta [a] Déantar ceangaltais léasa i ndáil le maoin a fhritháireamh le réamhíocaíochtaí. B’ionann cíosanna réamhíoctha agus €1.948 milliún (2019: €2.036 milliún) atá curtha san áireamh san fhigiúr réamhíocaíochtaí €15.088 milliún (Nóta 2.4). Léirítear sna ceangaltais léasa ag an 31 Nollaig 2020 iomlán na gceangaltas amach seo faoi chomhaontuithe léasa atá ceangailteach de réir dlí.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 106,427 | 104,510 | 101,952 |
| ii | Taisteal agus cothú | 7,944 | 3,619 | 7,784 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 8,148 | 5,062 | 5,550 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 6,986 | 4,916 | 7,274 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 24,218 | 20,629 | 21,932 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 32,619 | 35,744 | 35,149 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 100 | 130 | 58 |
| viii | Tacaí i ndáil le postú | 11,597 | 12,011 | 11,352 |
| | | **198,039** | **186,621** | **191,051** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €106.427 milliún; toradh €104.510 milliún*

Bhain an gannchaitheamh €1.917 milliún ar thuarastail, pá agus liúntais leis na moilleanna ar fhoireann a earcú agus poist a líonadh mar thoradh ar shrianta le linn phaindéim Covid-19.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €7.944 milliún; toradh €3.619 milliún*

Bhain an gannchaitheamh €4.325 milliún ar chaiteachas taistil le taisteal a bheith i bhfad níos ísle ná mar a bhí beartaithe de bharr thionchar shrianta taistil Covid-19.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €8.148 milliún; toradh €5.062 milliún*

Bhain an gannchaitheamh €3.086 milliún ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha le laghdú ginearálta i ngníomhaíocht oibriúcháin ar fud na ceanncheathrún agus misin mar thoradh ar shrianta oibríochta de bharr phaindéim Covid-19.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €6.986 milliún; toradh €4.916 milliún*

Ba mar thoradh ar laghdú ar na costais phostais a bhain leis an laghdú ollmhór ar líon na n-iarratas ar phasanna de bharr phaindéim Covid-19 a bhí gannchaitheamh €2.07 milliún ann.

## Clár A Ár nDaoine

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 28,193 | 27,685 | 26,909 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 36,918 | 32,860 | 33,866 |
| A.3 | Coimisiún Fulbright | 404 | 404 | 404 |
| A.4 | Cúnamh éigeandála consalachta | 79 | 355 | 9 |
| A.5 | Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach | 12,595 | 12,538 | 12,360 |
| A.6 | Comhar Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach | 3,745 | 3,673 | 3,729 |
| A.7 | An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn | 2,650 | 2,650 | 150 |
| A.8 | Gnóthaí diaspóra | 600 | 591 | 612 |
| | | **85,184** | **80,756** | **78,039** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.428 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana fáin ar an difríocht €4.566 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

**A.4 Cúnamh éigeandála consalachta**

*Soláthar meastacháin €79,000; toradh €355,000*

Ba mar thoradh ar an méadú nach rabhthas ag súil leis maidir le daoine a aisdúichiú sa bhliain 2020 de bharr phaindéim Covid-19 a bhí caiteachas breise €276,000 i gceist.

## Clár B Ár nIonad san Eoraip

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | 24,457 | 24,016 | 23,428 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 6,134 | 4,803 | 4,608 |
| B.3 | Gníomhartha de bhun Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh | 418 | 366 | 420 |
| B.4 | Rannpháirtíocht AE | 965 | 910 | 904 |
| B.5 | Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus in institiúidí idirnáisiúnta | 1,000 | 2,106 | — |
| | | **32,974** | **32,201** | **29,360** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €773,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana féin ar an difríocht €1.772 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

**B.5 Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus in institiúidí idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €1 milliún; toradh €2.106 milliún*

Ba mar thoradh ar éilimh i leith costais bhreise ó ranna eile a cuireadh isteach agus a íocadh le linn na bliana 2020 a bhí caiteachas breise €1.106 milliún i gceist.

## Clár C Ár Luachanna

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | 13,230 | 12,992 | 12,655 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 6,911 | 5,411 | 4,360 |
| C.3 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 34,803 | 37,885 | 44,767 |
| | | **54,944** | **56,288** | **61,782** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €1.344 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €1.738 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh agus tá sé sin mínithe cheana féin. Ba mar gheall ar na nithe seo a leanas a bhí an chuid eile den difríocht:

**C.3 Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €34.803 milliún; toradh €37.885 milliún*

Ba mar thoradh ar ranníocaíochtaí éigeantacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta, na Náisiúin Aontaithe go príomha, a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a bhí méadú €3.082 milliún ann.

## Clár D Ár Rathúnas

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 21,492 | 21,105 | 20,749 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 10,488 | 10,387 | 12,579 |
| D.3 | Éire a Chur Chun Cinn | 9,116 | 2,435 | 4,869 |
| D.4 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta | 3,229 | 3,324 | 3,279 |
| | | **44,325** | **37,251** | **41,476** |

**Difríochtaí suntasacha**
Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €7.074 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana fáin ar an difríocht €488,000 i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

**D.3 Éire a Chur Chun Cinn**

*Soláthar meastacháin €9.116 milliún; toradh €2.435 milliún*

Ba mar thoradh ar an laghdú suntasach i ngníomhaíocht cur chun cinn le linn na bliana 2020 mar thoradh ar shrianta oibriúcháin de bharr phaindéim COVID-19 a bhí gannchaitheamh €6.681 milliún i gceist.

## Clár E Ár dTionchar

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| E.1 | Riarachán - pá | 19,055 | 18,712 | 18,211 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 31,161 | 28,650 | 33,685 |
| E.3 | Seirbhísí eolais | 2,502 | 1,038 | 3,831 |
| | | **52,718** | **48,400** | **55,727** |

**Difríochtaí suntasacha**
Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €4.318 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá míniú tugtha cheana fáin ar an difríocht €2.854 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

**E.3 Seirbhísí eolais**

*Soláthar meastacháin €2.502 milliún; toradh €1.038 milliún*

Tháinig an gannchaitheamh €1.464 milliún chun cinn mar thoradh ar laghdú i gcaiteachas a bhí beartaithe chun seirbhísí pas agus seirbhísí eile a chur chun cinn de bharr phaindéim Covid-19.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | 41,770 | 34,067 | 65,295 |
| 2 | Aisíocaíochtaí ar airleacain aisdúichithe agus cothabhála | 30 | 1 | — |
| 3 | Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta | — | 1,266 | 936 |
| 4 | Ilghnéitheach | 500 | 707 | 638 |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 2,401 | 2,223 | 2,344 |
| | **Iomlán** | **44,701** | **38,264** | **69,213** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €6.437 milliún níos lú ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**1 Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile**

*Measta €41.770 milliún; réadaithe €34.067 milliún*

Bhí ioncam €7.703 milliún níos lú ná mar a measadh mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Laghdú suntasach in iarratais ar phasanna a bhí mar thoradh air sin. Ó tharla go bhfuil an tseirbhís pas bunaithe ar éileamh, cuireadh isteach go mór uirthi sa bhliain 2020.

**3 Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta**

*Measta €nialas; réadaithe €1.266 milliún*

Ba mar thoradh ar an aisíocaíocht CBL agus aisíocaíochtaí ar cháin díolachán ó rialtais iasachta le misin thar lear a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a bhí ioncam €1.266 milliún chun cinn. Baineann roinnt de na haisíocaíochtaí sin le haisghabhálacha CBL gan íoc ó bhlianta roimhe sin a tugadh chun críche sa bhliain 2020.

**4 Ilghnéitheach**

*Measta €500,000; réadaithe €707,000*

Bhí ioncam €207,000 chun cinn. Baineann sé sin le réimse fáltas a fuair an Roinn, lena n-áirítear aisíocaíocht éarlaisí urrúis ar mhaoine ar cíos, aisíocaíochtaí ar ró-íocaíochtaí párolla, aisíocaíochtaí ó ranna/oifigí Rialtais agus míreanna ilghnéitheacha eile. Tá sé deacair leibhéal na bhfáltas sin in aon bhliain amháin a thuar go cinnte.

**5 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Measta €2.401 milliún; réadaithe €2.223 milliún*

Ba mar thoradh ar fháltais a bheith níos lú ná mar a bhí súil leo mar gheall ar chostais párolla a bheith níos lú ná mar a bhí súil leo a bhí easnamh €178,000 i gceist.

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 An líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **1,816** | **1,745** |

### 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 93,924 | 91,557 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | 166 | 95 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 149 | 119 |
| Liúntais eile | 205 | 146 |
| Ragobair | 540 | 962 |
| ÁSPC an fhostóra | 5,801 | 5,370 |
| Leas sóisialach/árachas sláinte eachtrach (misin) | 3,725 | 3,703 |
| **Pá iomlán** | **104,510** | **101,952** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 41 | 5 | 20,100 | 20,613 |
| Liúntais eile | 116 | — | 6,776 | 9,375 |
| Ragobair | 194 | 17 | 31,033 | 39,055 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 70 | 16 | 33,355 | 41,318 |

### 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh íocaíochtaí arbh fhiú €12,455 (2019: €7,452) san iomlán iad le triúr (2019: triúr) státseirbhíseach a bhí ar scor agus a coinníodh ar shaintascanna.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 65 | 152,447 | 188,299 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 33 | 100,527 | 101,004 |

Rinneadh 15 phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le 15 dhuine aonair, arbh ionann a luach agus €27,559, a aistriú chuig ocht gcomhlacht rialtais eile le linn na bliana.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí

Íocadh scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €36,528 (2019: €66,311) iad le beirt iarbhall foirne (2019: duine amháin). Níor deonaíodh aon luathíocaíocht pinsin, blianta breise eile seirbhíse tuigthe, ná aon fheabhas eile ar na téarmaí pinsin fabhraithe.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais cúitimh agus dlí

Déantar na costais dlí a íocadh i rith na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Roinn** | **Costais dlí a dámhadh** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh a rinne fostaithe | 3 | 1 | — | —- | 1 | 299 |
| Éilimh a rinne daoine den phobal | 5 | — | 106 | 1 | 107 | 51 |
| | 8 | **1** | **106** | **1** | **108** | **350** |

## 6.2 Pionóis i ndáil le híocaíocht mhall

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ús agus cúiteamh | **11,990** | **8,972** |

## Aguisín A Cuntais Comhlachtaí agus Cistí faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Eachtracha

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste roinne | Tréimhse deiridh cuntasaíochta | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Coimisiún na hÉireann-na Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil (Coimisiún Fulbright) [a] | 1 D. Fómh. 2019 - 30 M. Fómh. 2020 | 5 Márta 2021 | 9 Márta 2021 | 15 Márta 2021 |

Nóta [a] Cuireann an Roinn deontas bliantúil ar fáil do Choimisiún Fulbright, atá á mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Stát Aontaithe i gcomhar lena chéile agus lena dtacaítear le staidéar, taighde, múineadh agus gníomhaíochtaí oideachais eile idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe. Faigheann an Coimisiún maoiniú bliantúil ón Roinn agus maoiniú breise ó fhoinsí eile.